

Céard é an Scéal?

Tuairimí an Phobail
i leith na Gaeilge

Anailís Bhliantúil 7

2021

Public Opinions
on the Irish Language

Annual Analysis 7



Céard é an Scéal?


**Tuairimí an Phobail
i leith na Gaeilge**

Anailís Bhliantúil 7

**Public Opinions
on the Irish Language**

Annual Analysis 7

2021



Clár

1. Achoimre Fheidhmeach	
2. Príomhthorthaí ó Shuirbhé Kantar 2021	
3. Réamhrá	
4. Modh Oibre	
5. Mian Gaeilge a labhairt agus a fhoghlaim	
6. Breis tacaíochta ón Stát don Ghaeilge	
7. Tacaíocht do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí le Gaeilge	
8. Úsáid na Gaeilge i rith ré na paindéime	
9. Teagmháil leis an nGaeilge	
10. Córas Pleanála Tithíochta agus Coláistí Samhraidh sa Ghaeltacht	
11. An Ghaeilge mar bhuntáiste agus post á lorg	
12. Fógraíocht an Stáit	
13. Craoladh Gaeilge ar an Teilifís	
14. Reachtaíocht agus an Straitéis don Ghaeilge ó Thuaidh	
15. Acmhainní do Ghaelscoileanna	
16. Feiceálacht logainmneacha Gaeilge ar chomharthaí	
17. Tuiscint agus Cumas Labhartha na Gaeilge	
Aguisín A: Suirbhé Kantar 2020	
Aguisín B: Suirbhé Kantar 2019	
Aguisín C: Suirbhé Kantar Millward Brown 2018	
Aguisín D: Suirbhé Kantar Millward Brown 2017	
Aguisín E: Suirbhé Millward Brown 2016	
Aguisín F: Suirbhé Millward Brown 2015	

Contents

1. Executive summary	4
2. Main results from Kantar Survey 2021	5
3. Preface	6
4. Methodology	7
5. A wish to speak and learn Irish	10
6. More support from the state for Irish	11
7. Support for families raising their children with Irish	13
8. Using Irish during the period of the pandemic	15
9. Contact with Irish	16
10. Housing Planning System & Summer Colleges in the Gaeltacht	18
11. Irish as an advantage when looking for work	20
12. State advertising	22
13. The Broadcasting of Irish on Television	24
14. Legislation and the Strategy for Irish in the North	26
15. Resources for Irish language schools	28
16. The visibility of Irish language placenames on signs	30
17. The understanding and ability to speak Irish	32
Appendix A: Kantar Survey 2020	34
Appendix B: Kantar Survey 2019	35
Appendix C: Kantar Millward Brown Survey 2018	36
Appendix D: Millward Brown Survey 2017	37
Appendix E: Millward Brown Survey 2016	38
Appendix F: Millward Brown Survey 2015	39

1. Achoimre Fheidhmeach

Rinneadh an taighde seo idir Mí Eanáir agus Mí Mheán Fómhair 2021 le léargas a fháil ar dhearcthaí an phobail i leith na Gaeilge agus i leith cúrsaí a bhaineann léi. Ba réimse leathan oibre é seo, áit a ndearnadh taighde ar ábhair éagsúla le daoine a raibh suim acu sa Ghaeilge agus a raibh naisc éagsúla acu le pobal na Gaeilge. Baineadh úsáid as meascán de thaighde cainníochtúil agus taighde cáilíochtúil san obair seo, agus tá léargas domhain cuimsitheach ar fáil ar na dearcthaí agus na tuairimí atá ag an bpobal faoin nGaeilge dá bharr.

Seo a leanas cuid de na príomhréimsí a ndearnadh scrúdú orthu san obair seo:

- Teagmháil leis an nGaeilge
- An pobal ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt níos minice
- Deiseanna chun Gaeilge a fhoghlaim
- Breis tacaíochta agus seirbhísí ón Stát don Ghaeilge
- An Ghaeilge i rith ré na paindéime
- Reachtaíocht agus an Straitéis don Ghaeilge ó Thuaidh
- Acmhainní do Ghaelscoileanna
- Feiceálacht logainmneacha Gaeilge ar chomharthaí
- Córas Pleanála Tithíochta sa Ghaeltacht
- An Ghaeilge mar bhuntáiste agus post á lorg
- Tacaíocht do na Coláistí Samhraidh

Bhí cur chuige cainníochtúil agus cáilíochtúil i gceist leis an staidéar seo. Ar an taobh cainníochtúil, rinneadh suirbhé ar níos mó ná 2,000 duine ó thuaidh agus ó dheas. Tar éis anailís a dhéanamh ar na torthaí seo, tionóladh 5 fhócasghrúpa chun plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar chuid de na torthaí, d'fhonn léiriú níos fearr a sholáthar ó thaobh comhthéacs de. Roghnaíodh na rannpháirtithe chun grúpaí sainleasmhara ábhartha a chur san áireamh, chomh maith le grúpaí a bhí ionadaíoch ar an tsochaí níos leithne, agus nach gá go mbeadh ceangal acu leis an teanga.

Léiríonn na staitisticí síos tríd an tuairisc go n-aontaíonn an mórphobal gur chóir don rialtas an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacaíocht cheart a thabhairt di. Tá staitisticí spéisiúla ann maidir le teagmháil an phobail i leith na Gaeilge. De réir na taighde seo, tá tacaíocht phoiblí ann don Ghaeilge, agus na bearta a bhaineann léi, i bhfad níos forleithne ná pobal na Gaeilge amháin. Tá sé seo uile soiléir ó na torthaí maidir le teagmháil leis an nGaeilge, polasaí maidir le pleanáil tithíochta sa Ghaeltacht, na Coláistí Samhraidh, tacaíocht do theaghlaigh ag tógáil a páistí le Gaeilge, seirbhísí stáit trí Ghaeilge, fógraíocht an stáit as Gaeilge, buntáiste an Ghaeilge i leith fostaíochta, an teagmháil leis an nGaeilge i rith na paindéime, dearcadh i leith logainmneacha ó thuaidh, acmhainní do scoileanna ó thuaidh a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus an dearcadh i leith reachtaíocht na Gaeilge ó thuaidh. Bhí gach freagra ag tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus mar sin, ba chóir go mbeidh sé soiléir do pholaiteoirí agus comhlachtaí nár chóir dóibh neamhaird a dhéanamh ar na ceisteanna seo.

Ar bharr na staitisticí agus na bhfigiúirí a bailíodh sa suirbhé, rinneadh plé níos doimhne ar na ceisteanna seo i sraith d'fhócasghrúpaí le daoine atá lánpháirteach i saol na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus le daoine nach bhfuil Gaeilge ar bith acu, agus le gach duine idir eatarthu. De bharr na paindéime beartaíodh na fócasghrúpaí a dhéanamh ar líne, is é seo an dara bhliain as a chéile a rinneadh seo.

1. Executive Summary

This research was carried out between January and September 2021 to give an insight into the views of the public regarding the Irish language and matters related. This was a wide area of work, in which research was carried out in a number of areas and with people who have various interests and links to the Irish language community. A mix of quantitative and qualitative research was used in this work and accordingly it provides a profound, comprehensive insight on the attitudes and opinions of the public regarding Irish.

The following are some of the main areas which were examined in this work:

- Contact with Irish
- The public wish to speak Irish more frequently
- Opportunities to learn Irish
- More support and services from the State for the Irish language
- Irish during the period of the pandemic
- Irish language legislation and strategy for the North
- Resources for Irish language schools
- The visibility of Irish language placenames on signs
- Planning system for housing in the Gaeltacht
- Irish as an advantage when job-seeking
- Support for the Summer Colleges

Both a quantitative and a qualitative approach was taken in this study. From a quantitative viewpoint, a survey was carried out amongst more than 2,000 people, north and south. After analysing these outcomes, 5 focus groups were convened to have more detailed discussions on some of the outcomes in order to provide a better contextual illustration. Participants were selected to include special interest groups in addition to groups which are representative of wider society and who do not necessarily have any connection with the language.

Statistics throughout the report illustrate that the general public agree that the government should promote Irish and give it appropriate support. Not only that, but private companies should take account of the wishes of the public as far as Irish is concerned when they are producing their goods and services. It is also evident that a significant section of the community would like to be involved in campaigns to promote Irish. According to the evidence, there is public backing for the Irish language and for actions pertaining to it which go much deeper than the Irish-speaking community alone. All this is clear from the results regarding contact with the Irish language, planning policy for housing in the Gaeltacht, the Summer Colleges, support for families raising their children through Irish, state services through Irish, state advertising in Irish, the advantage of the Irish language for employment, contact with the Irish language during the pandemic, attitude regarding placenames in the north, Irish language resources for schools in the north and attitudes towards Irish language legislation in the north. Every response was supportive of the promotion of Irish and it should, therefore, be clear to both politicians and companies that they cannot and should not ignore these issues.

In addition to the statistics and the figures gathered in the survey, a more in-depth discussion took place on these issues in a series of focus groups with people who are fully involved in the Irish language world, people in the Gaeltacht, with people who do not speak Irish and all those in between. Due to the pandemic it was decided to have the focus groups online, for the second year.

2. Príomhthorthaí ó Shuirbhé Kantar 2021

#	Ráiteas	theas nó thuaidh	Aontaíonn	Ní aontaíonn	Níl a fhios / Gan freagra				
1.	Ba bhreá liom deis a fháil Gaeilge a labhairt níos minice	theas	48%	25%	27%				
		thuaidh	27%	51%	23%				
2.	Ba mhaith liom an deis a bheith agam tuilleadh Gaeilge a fhoghlaim	theas	54%	23%	22%				
		thuaidh	28%	48%	23%				
3.	Ba chóir don Stát tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Ghaeilge	theas	65%	14%	21%				
		thuaidh	40%	34%	26%				
4.	Ar chóir tacaíocht a thabhairt chun cabhrú le teaghlaigh a gcuid leanaí a thógáil trí Ghaeilge?	theas	48%	26%	26%				
		thuaidh	42%	33%	25%				
5.	I rith na dianghlasála ar úsáid tú Gaeilge nó níos mó Gaeilge ar líne, ar na meáin shóisialta, i rang Gaeilge nó eile?	theas	15%	64%	20%				
		thuaidh	11%	72%	16%				
6.	Ba cheart don Rialtas córas pleanála tithíochta faoi leith a fheidhmiú sa Ghaeltacht chun cabhrú le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail	theas	58%	17%	25%				
7.	Agus gach rud eile san áireamh is buntáiste breise é a bheith in ann Gaeilge a labhairt agus fostaíocht á lorg agam	theas	39%	31%	29%				
8.	Ar chóir don Rialtas pacáiste tacaíochta a chur ar fáil chun a chinntiú go dtagann earnáil na gColáistí Samhraidh Gaeltachta trí ghéarchéim an Covid-19?	theas	67%	14%	19%				
9.	An bhfuil a dhóthain cláir Ghaeilge á gcráladh ar RTÉ1 agus ar RTÉ2?	theas	43%	25%	32%				
10.	Ba cheart don Fheidhmeannas na gealltanais reachtaíochta & an Straitéis don Ghaeilge, mar a gealladh sa cháipéis Ré Nua, Cur Chuige Nua a chur i bhfeidhm gan mhoill.	thuaidh	39%	33%	27%				
11.	Níor cheart d'aon scoláire a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil bheith curtha faoi mhíbhuntáiste de bharr na n-acmhainní nó an tsoláthair a fhaigheann a scoil.	thuaidh	54%	13%	30%				
12.	Sa bhreis ar an mBéarla, ba cheart go mbeadh aon logainm a thagann ón Ghaeilge, le feiceáil i nGaeilge go poiblí	thuaidh	45%	28%	27%				
13.	Tá mé muinínach i mo chuid Gaeilge labhartha	theas	21%	63%	17%				
		thuaidh	9%	80%	11%				
14.	Tá mé muinínach gur féidir liom Gaeilge a thuiscint	theas	30%	54%	16%				
		thuaidh	10%	78%	12%				
15.	I do thuairim, cén sciar d'fheachtais feasachta fógraíochta a bhíonn eagraithe ag comhlachtaí poiblí ba chóir a bheith i nGaeilge?	theas nó thuaidh	50% as Gaeilge	20% as Gaeilge	Fógra ar bith as Gaeilge	Níl a fhios / Freagra ar			
		theas	33%	41%	14%	12%			
16.	An mbíonn aon teagmháil rialta agat leis an nGaeilge? Má bhíonn, cá dtarlaíonn an teagmháil seo?	theas nó thuaidh	Na meáin traidisiúnta	Sa Bhaile	Sa Phobal	Láthair Oibre	Rang Gaeilge	Meáin Shóisialta	Trí Spóirt
		theas	16%	12%	10%	9%	9%	8%	7%
		thuaidh	5%	5%	4%	1%	3%	3%	2%
		theas nó thuaidh	Imeachtaí	Cúrsaí Gaeilge	Síntiúis	Teagmháil eile	Níl teagmháil	Ní fios	Líon Teagmhála
		theas	7%	3%	2%	4%	53%	1%	46%
thuaidh	2%	1%	1%	1%	82%	1%	17%		

2. Main Results from Kantar Survey 2021

#	Statement	north or south	Agree	Disagree	Don't know / No answer				
1.	I would like the opportunity to speak Irish more often.	south	48%	25%	27%				
		north	27%	51%	23%				
2.	I would like the opportunity to learn more Irish	south	54%	23%	22%				
		north	28%	48%	23%				
3.	The State should give additional support to the Irish Language	south	65%	14%	21%				
		north	40%	34%	26%				
4.	There should be support available for families raising their children through Irish	south	48%	26%	26%				
		north	42%	33%	25%				
5.	During the lockdown did you use Irish or more Irish on line, on social media, in an Irish language class or anything else?	south	15%	64%	20%				
		north	11%	72%	16%				
6.	The Government should operate a distinct housing planning system for Gaeltacht areas to support the sustainability of Irish as the community language	south	58%	17%	25%				
7.	All other factors being equal, being able to speak Irish is an added advantage when seeking employment.	south	39%	31%	29%				
8.	The Government should put a support package in place to ensure Gaeltacht Summer Colleges can remain viable once the Covid-19 pandemic ends	south	67%	14%	19%				
9.	RTE TV (RTE 1 AND RTE 2) should broadcast more Irish language programming	south	43%	25%	32%				
10.	The Executive should without delay implement the legislative promises & the Irish language strategy as promised in the New Decade, New Approach document.	north	39%	33%	27%				
11.	No child who attends an Irish-medium school should be placed at a disadvantage owing to the resources provided to their school.	north	54%	13%	30%				
12.	Placenames that are originally derived from the Irish Language should also be displayed in its original Irish name	north	45%	28%	27%				
		south	21%	63%	17%				
13.	I am confident in my ability to speak Irish	north	9%	80%	11%				
		south	30%	54%	16%				
14.	I am confident in my ability to understand Irish	north	10%	78%	12%				
		south	33%	41%	14%				
15.	In your opinion, what proportion of Advertising Awareness Campaigns run by Government Bodies do you think should be in Irish?	north or south	50% in Irish	20% in Irish	No adverts in Irish	Don't know /No answer			
		south	33%	41%	14%	12%			
16.	Do you have any regular contact with the Irish language? If so, where does this contact occur?	north or south	Traditional media	At home	In the community	In the workplace	Irish class	Social media	In sport
		south	16%	12%	10%	9%	9%	8%	7%
		north	5%	5%	4%	1%	3%	3%	2%
		north or south	Events	Irish courses	Subscriptions	Other contact	No contact	Don't know	Contact amount
		south	7%	3%	2%	4%	53%	1%	46%
thuaidh	2%	1%	1%	1%	82%	1%	17%		

3. Réamhrá

Is é seo an seachtú bliain anois den tsraith thaighde *Céard é an Scéal?*, taighde atá dírithe ar thuiscintí níos fearr a fháil ar dhearcadh agus tuairimí phobal na hÉireann i leith saincheisteanna éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge. Bhunaigh Conradh na Gaeilge an tsraith thaighde seo in 2015, agus táthar ag tabhairt faoi ar mhaithe le:

- i. Aitheantas agus aird a tharraingt ar mhianta agus aidhmeanna phobal labhartha na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.
- ii. Tuairimí an phobail i gcoitinne ar roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge a mheas.
- iii. Eolas a fháil ar cad iad na príomhchonstaicí, mar a shamhlaítear iad do phobal labhartha na Gaeilge, i gcoinne fhás na teanga.
- iv. Úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bailíodh chun cabhrú le heagraíochtaí, pobail agus gníomhaithe Gaeilge ina gcuid oibre reatha agus sa todhchaí.

Gach bliain díritear an taighde ar roinnt téamaí, a ndearnadh cinneadh orthu i gcomhairle le grúpaí eile Gaeilge. Maidir leis na téamaí roghnaithe a cinneadh, bíonn baint acu le hábhair chomhaimseartha agus feachtais sa todhchaí a thabharfaidh an deis dúinn tógáil ar thaighde roimhe seo leis. I measc théamaí na bliana seo tá:

- Tacaíocht an Stáit i leith na Gaeilge
- Tacaíocht do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí le Gaeilge
- Pleanáil tithíochta sa Ghaeltacht
- Tacaíocht do Choláistí Samhraidh
- Teagmháil leis an nGaeilge
- Fógraíocht Stáit trí Ghaeilge
- Agus go leor ábhair eile

Rinneadh an taighde seo ina dhá chuid. Sa chéad chuid iarradh ar an gcomhlacht pobalbhreithe Kantar suirbhé a dhéanamh ar 2,000 duine, ó thuaidh agus ó dheas, chun tuairimí a mheas ar na téamaí thuas. Cuirtear cuid de na ceisteanna céanna gach 3 bliana chun comparáid a dhéanamh idir na torthaí, mar sin tá comparáid á déanamh ar thorthaí ó 2018 agus 2015 i mbliana. Rinneadh é seo chun patrúin a aithint, le feiceáil an bhfuil ag éirí le tionscadail áirithe agus le fiosrú an féidir aon athrú déimeagrafach a aithint a chuirfidh le pleanáil nó dáileadh acmhainní sa todhchaí.

Tá na torthaí agus an anailís san obair seo beartaithe mar uirlis chun cuidiú le stocaireacht a dhéanamh agus feachtas éifeachtach a chruthú don Ghaeilge. Is féidir le seo cuidiú le gníomhaithe agus grúpaí pobail a threorú ar an talamh, chomh maith leis an bhfianaise agus na staitisticí is gá a sholáthar d'eagraíochtaí a dhéanann achainní a chur faoi bhráid chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha.

3. Introduction

This is now the seventh year of the research series *Céard é an Scéal?*. The research is focussed on greater comprehension of attitudes and opinions amongst the Irish public regarding various issues pertaining to the Irish Language. Conradh na Gaeilge established this research series in 2015 and are embarking on it with the following end in view:

- i. To gain recognition and attention for the wishes and aims of the Irish-speaking community inside and outside of the Gaeltacht.
- ii. To consider the opinions of the general public on a number of issues relating to the Irish Language.
- iii. To ascertain what are the main barriers, in the opinion of the Irish-speaking community, to the growth of the language.
- iv. To use the information gathered to help Irish Language organisations, communities and activists in their current work and their work going forward.

Each year the focus of the research is on a number of themes which are decided in consultation with other Irish Language groups. Regarding deciding on which themes are chosen, these involve contemporary materials, future campaigns and building on previous research. This year's themes include:

- Support from the State for Irish
- Support for families raising their children with Irish
- Housing Planning in the Gaeltacht
- Support for Summer Colleges
- Contact with Irish
- State Advertising in Irish
- And many other subjects

This research consisted of two parts. In the first part the polling company Kantar were asked to carry out a survey of 2,000 people, north and south, to consider opinions on the above themes. Some of the same questions are asked every three years in order to compare the outcomes which means that this year's outcomes are being compared to those of 2018 and 2015. This was done to identify patterns, to find out if certain projects are successful and to inquire if any demographic change is discernible which could impact on planning or distribution of resources in the future.

It is intended that the outcomes and analysis in this work will be used to assist lobbying and an effective Irish Language campaign. It can be of help to guide activists and community groups on the ground, as well as the evidence and statistics that need to be provided to organisations to submit appeals to public and private bodies.


4. Modh Oibre

Ós rud é go mbaineann an taighde seo go mór le smaointe, mothúcháin agus tuairimí daoine, agus go ndéanann sé iarracht iad sin a mheas ag leibhéal na sochaí, bhí cur chuige cainníochtúil agus cáilíochtúil ann. Mar chuid den saothar seo rinneadh idir thaighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil le tuiscint a fháil ar na dearcthaí atá ag pobal na hÉireann ar an nGaeilge agus ar cheisteanna a bhaineann léi.

Rinneadh cinneadh faoi théamaí na bliana seo bunaithe ar chomhairliúchán leis na ceannagraíochtaí eile agus mar gheall ar na ceisteanna is mó atá os comhair phobal na Gaeilge faoi láthair. I ndiaidh na dtéamaí a shocrú cuireadh ceisteanna an tsuirbhé le chéile i gcomhar le comhlacht taighde neamhspleách, Kantar. Chuir Kantar na ceisteanna seo ar bhreis agus 2,000 duine sa tír (torthaí ar fáil sa chéad rannóg eile) bunaithe ar an gcleachtas is fearr san earnáil seo. Rinneadh anailís ar na freagraí a tháinig chun solais sa suirbhé seo agus cuireadh sraith d'fhócasghrúpaí ar bun ar na téamaí céanna a bhí sa suirbhé.

Cuireadh an dá phíosa taighde seo le chéile, i.e. meascán den dá mhodh oibre, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil, le léargas iomlánaíoch a fháil ar na dearcthaí atá ag daoine ar cheisteanna a bhaineann leis an nGaeilge. Rinneadh an taighde seo le dhá chéim ar leith. Rinneadh leathnú amach ar na torthaí cainníochtúla seo trí thaighde cáilíochtúil a dhéanamh agus sraith fócasghrúpaí a eagrú le tuiscint níos doimhne agus iomláine a fháil ar na torthaí seo.

Tá sé i gceist go mbainfear úsáid as na torthaí agus as an anailís seo mar uirlis stocaireachta don teanga. Is féidir leis seo gníomhaithe teanga agus grúpaí pobail a threorú, chomh maith le fianaise agus staitisticí riachtanacha a chur ar fáil agus achainí a dhéanamh le comhlachtaí poiblí nó príobháideacha.



Figúir 1

4. Methodology

As this research is inextricably linked to people's ideas, feelings and opinions and attempts to assess these at a societal level, it includes both a quantitative and a qualitative approach. As part of this work, both quantitative and qualitative research were carried out to gain an understanding of the Irish public's attitudes to the Irish Language and issues pertaining to it.

A decision was made regarding this year's themes based on consultation with the other lead organisations and resulting from the most profound issues currently facing the Irish speaking community. Having decided on the themes, survey questions were collated in conjunction with the independent research company, Kantar. These questions were put by Kantar to over 2,000 people in the country (outcomes available in the next section) based on best practice in this sector. The responses emerging from the survey were analysed and a series of focus groups were set up based on the same themes as the survey.

These two pieces of research were amalgamated, i.e. a blend of the two methodologies, both quantitative and qualitative, to give a holistic overview of opinions held by people on issues pertaining to the Irish language. This research was carried out in two specific stages. The quantitative outcomes were broadened by carrying out qualitative research and by organising a series of focus groups to garner a deeper, more complete understanding of these outcomes.

It is intended that these outcomes and this analysis be used as a lobbying instrument for the language. This can guide language activists and community groups, as well as providing the required evidence and statistics when appealing to both public and private bodies.





Figure 1



Figúir 2

Bunaithe ar an léargas seo a thug torthaí an tsuirbhé dúinn ar thuairimí an phobail, cuireadh tús le sraith fócasghrúpaí le tógáil ar an eolas seo agus le heolas cáilíochtúil a bhailiú ar na hábhair chéanna. Mar a fheictear sna táblaí thuas, rinneadh an suirbhé seo le sampla ionadaíoch den tír ar fad, agus i measc na ndaoine seo is cinnte go bhfuil meascán de thuairimí maidir leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht.

FÓCAS-GHRÚPAÍ

Mar gheall ar na tuairimí éagsúla atá ag daoine difriúla maidir leis an nGaeilge, rinneadh cinneadh na grúpaí a shocrú de réir na dtéamaí éagsúla. An smaoineamh atá taobh thiar de seo ná go mbeadh dearchtaí éagsúla ag daoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu. Rinneadh 5 fhócasghrúpa ar fad:

- dhá ghrúpa ó thuaidh
- trí ghrúpa ó dheas

Bhí idir ceathrar agus duine dhéag i láthair ag gach grúpa leis an mbriseadh síos a leanas:

- grúpa amháin ó dheas agus grúpa eile ó thuaidh a bhí ionadaíoch ó thaobh na déimeagrafaice de
- grúpa amháin ó dheas agus grúpa eile ó thuaidh de thuismitheoirí ag tógáil a bpáistí le Gaeilge
- grúpa amháin ó phobal na Gaeltachta

Bhí dúshlán sa bhreis ann arís i mbliana de bharr phaindéim COVID-19 agus ní rabhthas in ann fócasghrúpa a thabhairt le chéile go fisiciúil. Eagraíodh na fócasghrúpaí ar líne le teacht i dtír ar an dúshlán seo.




Figure 2

Based on this insight into the views of the public as provided by the outcomes of the survey, work began on setting up a series of focus groups to build on this information and to collect qualitative information on the same areas. As can be seen in the above tables, this research was carried out with a representative sample of the whole country and we can be assured that there will be a variety of views among these people on the Irish Language and the Gaeltacht.

FOCUS GROUPS

As a result of the various views held by different people regarding the Irish language, it was decided that the groups would be arranged according to different themes. The thinking behind this is that groups with different requirements would have different viewpoints. 5 focus groups in total were created:

- two groups in the north
- three groups in the south

Every group had between four and eleven people present broken down as follows:

- one group in the south and another group in the north who were representative from a demographic point of view
- one group south and another group in the north of parents raising their children with Irish
- another group from the Gaeltacht community

There was an extra challenge this year because of the Covid-19 pandemic and no focus group could be brought together physically. The focus groups were organised on line because of this.

Na Torthaí


The Results

5. Mian Gaeilge a labhairt agus a fhoghlaim

Cuireadh ceist ar na freagróirí ar mhaith leo deis an Ghaeilge a labhairt níos minice. Dúirt 48% ó dheas agus 27% ó thuaidh go raibh siad ag iarraidh níos mó deiseanna an Ghaeilge a labhairt.

Cuireadh ceist freisin ar na freagróirí ar mhaith leo an Ghaeilge a fhoghlaim. Dúirt 54% ó dheas agus 28% ó thuaidh de na freagróirí gur mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim.

5.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figúir 3

5. A wish to speak and learn Irish

The responders were asked if they wanted to have the opportunity to speak Irish more frequently. 48% in the south and 27% in the north said they wanted more opportunities to speak Irish.

The responders were also asked did they want to learn Irish. 54% of the responders in the south and 28% in the north said they wished to learn Irish.

5.1. THE RESULTS OF THE SURVEY





Figure 3



Figúir 4





Figure 4

6. Breis tacaíocht ón Stát don Ghaeilge

Cuireadh ceist maidir lenar chóir don Stát tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Ghaeilge. Cheap 65% de fhreagróirí ó dheas ba chóir tacaíocht sa bhreis a thabhairt. Ó thuaidh an figiúr i mbliana ná 40%.

6.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 5

6.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Dúradh go bhfuil an iomarca béime ar chúrsaí oideachais i dtaobh an Ghaeilge de, moladh go mbeidh an Ghaeilge á húsáid i ngnéithe eile den tsochaí. Tugadh sampla d'úsáid na Gaeilge ar na busanna mar shampla, ag úsáid logainmneacha Gaeilge, gur foghlaimíodh go leor Gaeilge uaidh.

Fócasghrúpa ionadaíoch ó thuaidh

Dúradh go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh seirbhísí sláinte ar fáil as Gaeilge. Dúradh freisin go bhfuil buairt ann faoi na téarmaí leighis as Gaeilge, nach mbeidh sé intuigthe do Ghaeilgeoirí. Moladh ba chóir go mbeidh níos mó seirbhísí Gaeilge san earnáil phríobháideach. Cheapadh nach bhfuil go leor déanta chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Níl go leor scannáin as Gaeilge a cheapadh chomh maith. Luadh go bhfuil an Ghaeilge i gcomórtas leis an mBéarla i dtaobh cláir teilifíse. Luadh go bhfuil an teachtaireacht mhícheart ag na meáin ó thuaidh i dtaobh na Gaeilge de, sin é go n-úsáidtear í mar chnámh spairne, seachas mar rud dearfach.

6. More support from the State for Irish

A question was asked about whether the state should give extra support to the Irish language. 65% of responders in the south thought extra support should be given. In the north the figure this year was 40%.

6.1. RESULTS OF THE SURVEY




Figure 5

6.2. RESULTS OF THE FOCUS GROUP

Representative focus group in the south

It was said that too much emphasis is placed on educational affairs in regard to Irish, it was suggested that Irish should be used in other aspects of society. The use of Irish on buses and using Irish language placenames, were given as examples of instances that a lot of Irish was learned from them.

A representative focus group in the north

It was said that it is very important that health services are available in Irish. It was also said that there is a worry about the medical terms in Irish, that Irish speakers will not understand them. It was proposed that there should be more services in Irish in the private sector. It was thought that not enough has been done to promote the Irish language. It was also believed that there are not enough films in Irish. It was mentioned that Irish is competing with English regarding television programmes. It was mentioned that the media in the north have the wrong message regarding Irish, in that it is used as a bone of contention, rather than something positive.

6.3. MOLTAÍ:

- Níos mó airgead a chur i dtreo scannáin trí Ghaeilge ag Bord Scannán na hÉireann
- Féile cultúrtha bliantúil cosúil le Oxygen nó Electric Picnic a eagrú go mbeidh an Ghaeilge ann chun foghlaimoírí a mhealladh
- Go n-úsáidtear an Ghaeilge ar bhonn caolchúiseach i ngach gné den tsochaí
- Níos mó maoiniú stáit a thabhairt do Sheachtain na Gaeilge
- Níos mó áiteanna a chur ar fáil sna Gaelscoileanna
- Seirbhísí sláinte le bheith ar fáil as Gaeilge
- Seirbhísí fáilteachais a bheith ar fáil as Gaeilge chun comhrá i nGaeilge a spreagadh
- Bearbóirí agus gruagairí cúnata le Gaeilge gur féidir comhrá a bheith agat as Gaeilge
- Liosta de ghnóthaí le Gaeilge a chur ar fáil
- An Ghaeilge á chur chun cinn sna tionscail ealaíona
- Go mbeidh polaiteoirí ag caitheamh suaitheantas cúpla focal
- Feachtas margáiochta don tuaisceart a chruthú do na cláir rugbaí atá á craoladh ar TG4
- Oíche chultúrtha as Gaeilge a thosú chun daoine gan Gaeilge a mhealladh i dtreo na teanga


6.3. RECOMMENDATIONS:

- For the Irish Film Board to put more money towards Irish language films
- To organise an annual cultural festival like Oxygen or Electric Picnic in which there is Irish to attract learners
- That Irish be used in a subtle way in every aspect of society
- That more state funding be given to Seachtain na Gaeilge
- To provide more places in Irish language schools
- That health services are available in Irish
- That hospitality services are available in Irish to promote Irish language conversation
- That barbers and assistant hairdressers who has Irish so that one can have a conversation in Irish
- That a list of businesses with Irish be provided
- That Irish be promoted in the arts
- That politicians wear a 'cúpla focal' badge
- That a marketing campaign be created for the north for the rugby matches which are being broadcast on TG4
- That a cultural night in Irish be started to attract those who have no Irish to the language

7. Tacaíocht do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí le Gaeilge

Nuair a bhreathnaítear ar dhearcthaí an phobail ar thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí le Gaeilge feictear go bhfuil 48% ó dheas ag aontú go mbeidh an tacaíocht sin curtha ar fáil, i 2019 bhí an toradh 53%. Sin tim de 5% le 2 bhliain anuas. Ó thuaidh an figiúr is mbliana ná 42%. I 2019 bhí an figiúr 40%, sin fás de 2%.

7.1. TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ



Figiúr 6

7.2. TORTHAÍ NA bhFÓCAS-GHRÚPAÍ

Fócasghrúpa ionadaíoch ó dheas

Cheap an fócasghrúpa go mbeidh ról ag an stát le maoiniú breise a chur ar fáil do theaghlaigh ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Luadh 'ba chóir go mbeadh aon saoránach in Éirinn in ann plé leis an rialtas áitiúil nó an rialtas náisiúnta trí Ghaeilge', ba chóir go mbeidh an bhéim ar an tseirbhís agus ní ar an bpost.

Fócasghrúpa ionadaíoch ó thuaidh

Luadh ba chóir níos mó tacaíochta a thabhairt do na gaeilscoileanna. Dúradh go raibh éileamh ró-mhór dóibh anois. Luadh freisin go bhfuil buntáiste faoi leith ann leis an dátheangachas. Dúradh nach bhfuil iarrachtaí an stáit le céad bliain anuas ag spreagadh teaghlaigh chun a

7. Support for families raising their children with Irish

When one looks at the views of the public on supporting families raising their children with Irish it is seen that 48% in the south agree that support should be given, in 2019 the result was 53%. That is a drop of 5% in the last 2 years. In the north this year's figure is 42%. In 2019 the figure was 40%, that's a growth of 2%.

7.1. THE RESULTS OF THE SURVEY



Figure 6

7.2. THE RESULTS OF THE FOCUS GROUPS

Representative focus group in the south

The focus group thought the state should have a role in providing extra funding for families raising their children through Irish.

Parents focus groups in the south

It was stated 'any citizen in Ireland should be able to deal with the local government or with the national government through Irish', the emphasis should be on the service rather than on the job.

Representative focus group in the north

It was stated that Irish language schools should be given more support. It was said that the demand for them was now too great. It was also stated that bilingualism has a particular advantage. It was stated that the state's efforts in the last hundred years are not encouraging families to raise their children with Irish. It was stated that it is more difficult to raise children

bpáistí a thógáil le Gaeilge. Luadh go bhfuil sé níos deacra páistí a thógáil trí Ghaeilge de bharr easpa seirbhísí stáit, ar nós seirbhísí teiripe urlabhra.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó dheas

Dúradh ba chóir go mbeidh sé mar bhuncheart freastal ar réamhscoil, Gaelscoil agus Gaelcholáiste. Luadh go bhfuil an Béarla in uachtar sa tsochaí agus go bhfeiceann na páistí é sin. Dúradh freisin go mbíonn sé deacair seirbhísí a fháil ón stát trí Ghaeilge, go háirithe seirbhísí sláinte. Luadh go bhfuil Centreparks agus Fota Island ag cur seirbhísí ar fáil as Gaeilge. Bhí gearán déanta gur beag comhairleoireacht atá ar fáil chun clann a thógáil le Gaeilge. Moltar go mbeidh cothromaíocht ann i dtaobh seirbhísí do pháistí i nGaeilge agus atá i mBéarla.

Fócasghrúpa tuismitheoirí ó thuaidh

Mhothaigh an fócasghrúpa nach bhfuil aon tacaíocht cheart ann nuair a mbeirtear an leanbh. Dúradh is ag braith ar an bpobal atá sí chun acmhainní Gaeilge a chruthú, de bharr nach bhfuil an stát ag cur na hacmhainní sin ar fáil. Dúradh go bhfuil an fheachtasaíocht mar ghníomh orgánach chun na seirbhísí as Gaeilge a fháil. Níl acmhainní ann do na páistí atá riachtanais bhreise ag teastáil dóibh a dúirt duine amháin. Dúradh gur chur an dianghlasáil isteach ar sealbhú teanga na bpáistí.

Fócasghrúpa Phobal na Gaeltachta

Moladh ba chóir go mbeidh gach seirbhís as Gaeilge ar fáil do theaghlaigh. Luadh ba chóir go mbeidh an t-údarás áitiúil ag déanamh níos mó don Ghaeilge. Dúradh go bhfuil gá le níos mó oibríthe a fhóstu ar nós teiripeoirí teanga, síceolaithe agus altraí le Gaeilge. Dúradh nach bhfuil naíonraí cóngarach do go leor teaghlaigh agus a bhfuil na rialacha casta chun naíonra a bhunú. Bíonn sé ag braith ar uimhreacha naíonra nua a bhunú, seachas a aithint go bhfuil gá ann. Dúradh freisin nach bhfuil traenáil Gaeilge ar fáil i gcuid de na clubanna CLG sa Gaeltacht.

7.3. MOLTAÍ

- Go ndéanfaidh an stát anailís airgeadais ar na costais bhreise a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge
- Maoiniú stát a chur ar fáil chun imeachtaí sóisialta a eagrú do dhaoine óga
- Go mbeidh an Gaeloideachas mar thosaíocht ag an stát
- Deiseanna a chruthú do theaghlaigh bualadh le céile trí Ghaeilge
- Scéim Labhairt na Gaeilge a thabhairt ar ais
- Duais don teaghlach a dhéanann an iarracht is fearr an Ghaeilge a úsáid
- Lascaine a chur ar fáil do leabhair as Gaeilge
- Lascaine a chur ar fáil chun dul ar saoire sa Gaeltacht
- Oireachtas na dteaghlach a bhunú sa Gaeltacht
- Líne chabhrach a bhunú chun comhairle a thabhairt do theaghlaigh
- Go mbeidh na himeachtaí poiblí a eagraíonn na húdaráis áitiúla dátheangach
- Go mbeidh an Stát ag cur lascaine ar fáil chun seirbhísí Gaeilge a iarraidh
- Go mbeidh straitéis ann do theaghlaigh ag tógáil a páistí as Gaeilge

with Irish because of the lack of state services, such as speech therapy.

Parents focus group in the south

It was said that it should be a basic right to attend an Irish medium pre-school, a primary school or a secondary school. It was stated that English has the upper hand in society and that children see that. It was also said that it is difficult to obtain services from the state in Irish, especially health services. It was mentioned that Centreparks and Fota Island are providing services in Irish. There was a complaint that there is very little advice found for raising a family in Irish. It was recommended that there should be equality regarding services for children in Irish and in English.

Parents' focus group in the north

